Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 12 Deireadh Fómhair 2023
(OR. en)

13569/23
ADD 1
LIMITE
PV CONS 44
JAI 1230

PUBLIC

**DRÉACHT-MHIONTUAIRISCÍ**

COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH
(Ceartas agus Gnóthaí Baile)

28 Meán Fómhair 2023

## GNÓTHAÍ BAILE

### SAINCHEISTEANNA EILE MAIDIR LE GNÓTHAÍ BAILE

### Gníomhaíochtaí neamhreachtacha

5. **Comhar le Meiriceá Laidineach chun an choireacht eagraithe a chomhrac agus chun aghaidh a thabhairt ar an ngáinneáil ar dhrugaí** 12884/23 12838/23
*Staid na himeartha*

Thug an Chomhairle dá haire an Dearbhú Comhpháirteach an 28 Meán Fómhair 2023 a chomhaontaigh airí Gnóthaí Baile an Aontais Eorpaigh agus na hairí atá freagrach as gnóthaí slándála Bhallstáit an Choiste Mheiriceá Laidinigh um Shlándáil Inmheánach (CLASI).

6. **Tearmann agus imirce: gné sheachtrach**[1][2] 12990/1/23 REV 1
*Seisiún tuairimíochta*

Thug an Chomhairle dá haire staid na himeartha agus bhí seisiún tuairimíochta aici.

7. **Iarmhairtí fhogha na Rúise faoin Úcráin**
(a) **Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena gcuirtear síneadh le cosaint shealadach mar a tugadh isteach le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/382 (Bunús dlí: Airteagal 4(2) de Threoir 2001/55/CE ón gComhairle an 20 Iúil 2001)** 13228/23
*Comhaontú polaitiúil*

Tháinig an Chomhairle ar chomhaontú polaitiúil maidir le síneadh a chur leis an gCosaint Shealadach agus maidir le téacs an Chinnidh Cur Chun Feidhme ón gComhairle.

(b) **An tslándáil inmheánach**[3] 12901/23 **R-UE**
*Staid na himeartha*

Thug an Chomhairle dá haire staid na himeartha maidir leis an tslándáil inmheánach.

---

1 Go heisceachtúil i láthair na Stát atá comhlachaithe le Schengen.
2 Tugadh cuireadh do ghníomhaireachtaí an Aontais - Frontex, Europol agus EUAA - chuig an bpointe seo.
3 Tugadh cuireadh do ghníomhaireachtaí an Aontais - Frontex agus Europol - chuig an bplé seo.



PUBLIC

**8. Aon ghnó eile** 13013/23

**An dara comhdháil Eorpach-Arabach ar shlándáil teorann (EABSC 2023)**
**(Porto, an 15-16 Samhain 2023)**
*Faisnéis ón bPortaingéil*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Phortaingéil ar fáil.

---

**R-UE** Doiciméad rúnaicmithe RESTREINT UE/EU RESTRICTED

PUBLIC

**Ráitis a ghabhann leis na míreanna neamhreachtacha 'A' a leagtar amach**

**in 13259/1/23 REV 1**

PUBLIC

| | |
|---|---|
| **Maidir le mír 6 ar liosta na míreanna 'A':** | **Cinneadh ón gComhairle lena gceadaítear don Choimisiún a bheith rannpháirteach sa chaibidlíocht do Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa maidir le cosaint an chomhshaoil tríd an dlí cóiriúil (ETS Uimh. 172)**<br>*Glacadh* |

**RÁITEAS ÓN gCOIMISIÚN**

'Is díol sásaimh don Choimisiún an dul chun cinn gasta atá déanta ag an gComhairle maidir lena Cinneadh a ullmhú agus a ghlacadh lena n-údaraítear don Choimisiún Eorpach a bheith rannpháirteach, thar ceann an Aontais Eorpaigh, sa chaibidlíocht do Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa maidir le cosaint an chomhshaoil tríd an dlí coiriúil.

Mar sin féin, measann an Coimisiún nach ceart é ó thaobh an dlí de go léireofaí le Cinneadh ón gComhairle lena n-údaraítear tús a chur le caibidlíocht gurb ann do bhunús dlí substainteach.

An Cinneadh lena n-údaraítear tús a chur le caibidlíocht, tá an Cinneadh sin bunaithe ar chumhachtaí arna dtabhairt de chuid an Aontais a bheith ann, agus ar an mbonn sin amháin, ní ar chinneadh maidir le hinniúlacht shonrach. Is é is éifeacht theoranta dó an Coimisiún nó an tArdionadaí, de réir mar a bheidh, a údarú a shainphribhléidí faoi Chonarthaí an Aontais a úsáid chun tús a chur le caibidlíocht. Dá bhrí sin cinntear raon feidhme na caibidlíochta sin de réir raon feidhme chumhachtaí an Aontais. Ina theannta sin, leis an gCinneadh ón gComhairle lena n-údaraítear tús a chur le caibidlíocht, ní féidir saoirse chomhpháirtí ionchasach conartha an Aontais a theorannú maidir le raon feidhme na caibidlíochta a chinneadh. Ar an gcaoi sin, ní féidir bunús dlí beacht an chomhaontaithe a bheidh ann amach anseo a chinneadh sula mbeidh ábhar an chomhaontaithe ar eolas.

Measann an Coimisiún freisin gur cheart ábhair a thagann laistigh d'inniúlachtaí uile an Aontais, mar a shainítear sna Conarthaí, a chuimsiú i raon feidhme an údaraithe mar a leagtar amach in Airteagal 1 den Chinneadh. I ndáil leis an méid sin, measann an Coimisiún go bhfuil sé mícheart an t-údarú a theorannú d'ábhair 'ar ghlac an tAontas rialacha ina leith nó a bhfuil coinne leis go nglacfar iad amach anseo', agus dóibh sin amháin, agus gan tagairt a dhéanamh don chaoi a dtagann an Coinbhinsiún atá beartaithe laistigh de limistéar a chumhdaítear den chuid is mó le rialacha comhchoiteanna an Aontais. Ós rud é go dtagann an Coinbhinsiún atá beartaithe faoi réimse a chumhdaítear den chuid is mó le rialacha comhchoiteanna an Aontais agus, dá bhrí sin, laistigh d'inniúlacht eisiach an Aontais, déanfaidh an Coimisiún faireachán, ina cháil mar chaomhnóir na gConarthaí, nach bhfuil aon sárú air.

Measann an Coimisiún freisin gur cheart athbhreithniú féideartha nó forbairt bhreise ar na treoracha caibidlíochta, mar a leagtar amach in Airteagal 1(1) de Chinneadh na Comhairle, a chur faoi réir cheart tionscnaimh an Choimisiúin maidir leis na hábhair sin.

Forchoimeádann an Coimisiún a chuid ceart uile ar na hábhair sin.'

**RÁITEAS Ó ÉIRINN**

'Moltar sa dréachtchinneadh ón gComhairle go n-údarófaí don Choimisiún Eorpach páirt a ghlacadh, thar ceann an Aontais Eorpaigh, sa chaibidlíocht maidir le Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa a ghabhfaidh ionad Choinbhinsiún 1998 maidir le Cosaint an Chomhshaoil tríd an Dlí Coiriúil (ETS Uimh. 172) agus a chuirfear in ionad an Choinbhinsiúin sin.

An 7 Iúil 2023, d'fhoilsigh an Coimisiún an Moladh le haghaidh Cinneadh ón gComhairle ag féachaint d'Airteagail 218(3) agus (4) CFAE.

Ag an gcruinniú a bhí aige an 19 Iúil 2023, d'fhormheas Coreper an cinneadh Airteagal 83(2) CFAE a chur le bunús dlí an dréachtchinnidh ón gComhairle. Is ar an dáta a d'fhormheas Coreper an méid sin, cuireadh tús leis an tréimhse um rogha a bheith páirteach a leagtar amach in Airteagal 3 de Phrótacal 21 a ghabhann leis na Conarthaí.

Tugann Éire dá haire go bhfuil sé beartaithe go ndéanfaidh an Chomhairle cinneadh tráth níos lú ná 3 mhí tar éis an Cinneadh seo atá beartaithe a chur faoi bhráid na Comhairle chun tús na caibidlíochta i gComhairle na hEorpa a éascú.

Tugann Éire dá haire agus is oth léi é, go gciallaíonn sé sin nach dtabharfar an ceart d'Éirinn, sa chás seo, 3 mhí a bheith aici chun fógra a thabhairt gur mian léi a bheith rannpháirteach i nglacadh agus i gcur i bhfeidhm an Chinnidh bheartaithe ón gComhairle i gcomhréir le forálacha Airteagal 3 de Phrótacal 21, CFAE.

Mar sin féin, agus aird á tabhairt aici ar an tábhacht a bhaineann leis an gCinneadh ón gComhairle atá beartaithe, agus ag aithint di gur gá é a ghlacadh go tapa, tá sé aontaithe ag Éirinn an ceart atá aici maidir le fógra a thabhairt gur mian léi a bheith rannpháirteach i nglacadh agus i gcur i bhfeidhm an Chinnidh ón gComhairle atá beartaithe a tharscaoileadh, i gcomhréir le forálacha Airteagal 3 de Phrótacal 21 CFAE.

Tá an cur chuige seo gan dochar do sheasamh foluiteach na hÉireann ar an ábhar seo.'

---

PUBLIC